Make It MALAHIDE
#RestartFingal

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Samhradh 2021
## Nuashonrú




Malahide_Update_Summer2021_Irish_PrintReady.indd 1 05/05/2021 09:37

# FORLÉARGAS

D'athraigh COVID-19 an bealach a mhairimid. Tá géarghá le spásanna sábháilte taobh amuigh a sholáthar inar féidir scaradh sóisialta a dhéanamh i Samhradh 2021. Luaigh an FÉSPN go mbaineann ríthábhacht le maireachtáil taobh amuigh chun scaipeadh COVID-19 a laghdú. D'iarr an Rialtas orainn "Smaoinigh faoi bheith sábháilte, smaoinigh faoi bheith taobh amuigh" ("Think safe, think outdoor") do Shamhradh 2021 mar gheall go gceadóidh sé dúinn leanúint ar aghaidh trí chéim an Téarnaimh, agus díriú ar an méid is sábháilte agus a chruthaíonn an tairbhe is mó. Caithfear díriú, ar an ábhar sin, ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh – idir ghníomhaíochtaí sóisialta agus gheilleagracha.

Ar aon dul le Clár an Rialtais, 'Ár dTodhchaí Chomhroinnte', tugadh sainordú d'údaráis áitiúla tabhairt faoi mheasúnú ar a ngréasán bóithre, féachaint cá féidir spás a athleithdháileadh do choisithe agus rothaithe".

Mar fhreagairt dó seo, d'aithin Comhairle Contae Fhine Gall an tSráid Nua, Mullach Íde, mar láthair mhaith lena teorannú do choisithe, ar aon dul le riachtanais an Rialtais.

D'iarr an Rialtas freisin ar údaráis áitiúla tús áite a thabhairt do bhia a dháileadh taobh amuigh agus déanfaidh siad é seo a éascú, ní hamháin ar an tSráid Nua, ach ar shráideanna eile i Mullach Íde ina bhfuil éileamh i measc gnólachtaí áitiúla ar rochtain cheadúnaithe ar an ríocht phoiblí.

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# AN TSRÁID NUA

Déanfar an tSráid Nua a theorannú do choisithe ó dheireadh seachtaine Saoire Bhainc mhí an Mheithimh chun an méid seo a leanas a sholáthar:

- Timpeallacht shábháilte ar féidir leis an bpobal taitneamh a bhaint as agus tabhairt faoina ngnó laethúil.
- Deis do ghnólachtaí áitiúla oibriú faoi dhálaí Covid-19.
- Crios ar Leas Coisithe, a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus a Thacaíonn le Teaghlaigh

**Áirítear an méid seo a leanas leis an Scéim:**

- Saoráidí feabhsaithe dáilte bia taobh amuigh
- Scéim ceadúnaithe chun bia a dháileadh taobh amuigh
- Rochtain cónaithe ar an tSráid Nua agus Iostáin an Rosaigh
- Trácht dhá bhealach ó Shráid na Trá chun freastal ar chónaitheoirí Iostáin an Rosaigh
- Rochtain feithiclí do ghnólachtaí ar an tSráid Nua agus páirceáil amach ón tsráid a chur ar fáil
- Rochtain feithiclí ar Liachtlann FSS d'othair leochaileacha
- Rochtain feithiclí do Sheirbhísí Éigeandála
- Rochtain a shocrú ar Mhuiríne Mhullach Íde do bháid
- Páirceáil a thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Racaí Breise Rothar
- Rochtain do sheachadtaí ó 6am go 11am
- Socruithe feabhsaithe Bailithe Phríobháidigh Araidí
- Seirbhísí Bhus Átha Cliath a athródú tríd an tSeansráid
- An Stad Tacsaithe a athlonnú go dtí an Diamant

MALAHIDE TRAFFIC MANAGEMENT MAP




New Street, Malahide - Pedestrian Zone 11am - 6am




Mapa Itheacháin Lasmuigh na Sráide Nua

# BIA A DHÁILEADH TAOBH AMUIGH

Samhradh faoin spéir a bheidh ann. Faoi mar a dhéanann miondíol agus fáilteachas ullmhú chun oscailt arís don ghnó, caithfimid machnamh a dhéanamh faoi conas is féidir leo oibriú go sábháilte faoin bPlean maidir le Maireachtáil le COVID-19.

Mar gheall go mbeidh muintir na hÉire ag dul ar laethanta saoire sa bhaile in 2021, tá deis ann, trí bhia a dháileadh taobh amuigh, chun bealaí nua a sholáthar chun an t-eispéireas fáilteachais a chur ar fáil a bhfuil cáil ar Fhine Gall dó. Is féidir le bia a dháileadh taobh amuigh feabhas a chur ar ár modh maireachtála freisin. Anuas ar fhreastal ar an bpobal áitiúil, is féidir leis cuairteoirí agus líon custaiméirí a mhealladh chuig gnólachtaí eile i Mullach Íde. Coimeádfaidh seo ár ngeilleagar áitiúil beo agus daoine áitiúla fostaithe.




Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair le gnólachtaí i ngach cheantar de Mullach Íde chun a chumasú dóibh oibriú sa réimse poiblí. Tugadh cuireadh do ghnólachtaí iarratas a dhéanamh ar cheadúnais  a cheadóidh dóibh bia a dháileadh taobh amuigh sa limistéar poiblí lasmuigh dá n-áitreabh a bhainistiú agus d'fhéadfadh go n-áireofaí ann soláthar páircíní i gceantair nach ceantair coisithe iad. Tá deontais ar fáil freisin lena chur ar chumas gnólachtaí troscán taobh amuigh a cheannach.

Is féidir teacht ar  eolas breise ag
**www.fingal.ie/outdoordiningsupports**

# PÁIRCEÁIL

Tá páirceáil fhorleathan Íoc agus Taispeáin ar fáil laistigh d'fhad siúil idir 3 agus 12 nóiméad ón tSráid Nua. Cuirtear páirceáil dhá uair an chloig saor in aisce ar fáil i gCarrchlós Bridgefield. Tá páirceáil saor in aisce ar fáil i gcarrchlós Seabanks agus an Chúlbhóthair. Tá áiseanna carrpháirceála príobhháidí amach ón tsráid Íoc agus Taispeáin ar fáil freisin i ngar. Chuir an Chomhairle spásanna breise páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Aoisbháúla ar fáil i Mullach Íde.




# TODHCHAÍ NA SRÁIDE NUA

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta don tSráid Nua a theorannú do choisithe go buan. Limistéar poiblí a dhearfaidh saineolaithe atá i gceist lenár bhfís don tSráid Nua a chuireann le Faiche an tSráidbhaile agus a chuireann feabhas ar chroílár Mhullach Íde ar mhaithe le cónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí araon.

Cuirfidh teorannú na Sráide Nua do choisithe le suíomh Mhullach Íde ag croílár ghréasán Ghlasbhealach Fhine Gall agus tá an sráidbhaile le ceangal le Bealach an Mhóinéir Leathain, an Glasbhealach ó Chill Fhionntain go Mullach Íde agus an Rotharbhealach ó Shord go Mullach Íde. Beidh líonta méadaithe cuairteoirí mar thoradh air seo mar gheall go mbeidh cuairt á tabhairt ag na daoine siúd atá ag taisteal ar Bhealach Cósta Fhine Gall ar Mhullach Íde, gan amhras, feadh an bhealaigh idir Cill Fhionntain agus Baile Brigín agus mar gheall ar an athshamhlú a dhéanfar ar an tSráid Nua agus Faiche an tSráidbhaile a críochnaíodh le déanaí.

D'fhoilsigh Comhairle Contae Fhine Gall roinnt cáipéisí agus beartas le déanaí ina mbeartaítear, anuas ar chuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha, cosúil leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 (NCAP), Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Inbhuanaithe, agus an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS), cineál ár mbailte agus ár sráidbhailte a athrú ó áiteanna ina dtugtar tús áite don ghluaisteán príobháideach go háiteanna ina leagtar an bhéim ar riachtanais choisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair phoiblí. Tagann scéim na Sráide Nua leis na pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla seo agus is é an chéad chéim chun sráideanna inrochtana, mealltacha agus sábháilte a chruthú do gach duine.

Nuair a chuirfimid ár bpleananna i láthair chun sráideanna a theorannú do choisithe go buan, beidh siad faoi réir an phróisis phleanála reachtúil. Áireofar leis seo Comhairliúchán Poiblí a thabharfaidh deis do chónaitheoirí, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile tuairim a nochtadh faoi na pleananna siúd.

**Teastaíonn uainn cloisteáil uait anois freisin. Tá suirbhé ar líne á chur ar siúl againn ón 11 Bealtaine go dtí an 21 Bealtaine agus ba mhór againn é dá bhféadfá cuairt a thabhairt air agus foirm an tsuirbhé a líonadh. Tá an fhoirm ar fáil ag consult.fingal.ie.**